


Obair Bhaile

Ghaeilge



Leabhar 22

Name _____ Class _____



Clár

| | lth. |
|------------------------------|------|
| Poncaíocht | 3 |
| An Phortaingéil | 10 |
| An Filiméala | 11 |
| Éire Fadó – Na Normanaigh | 12 |
| Forainmneacha Réamhfhoclacha | 13 |
| Nósanna | 15 |
| Seodra do Cholambas | 16 |
| Séimhiú 1 | 17 |
| Séimhiú 2 | 19 |
| Ó Bholb go Féileacán | 21 |
| Urú | 23 |
| Céimeanna Comparáide | 25 |
| Fia Reatha | 28 |
| Cathal Dearmadach | 29 |
| Focail ar Comhfhuaim | 30 |
| An Fléiscín | 32 |
| Alasca | 34 |
| Bram Stoker – Athair Dracula | 35 |
| Madadh Iontach | 36 |

Poncaíocht!

Ceannlitir

- ag tús abairte
- ainm duine, Liam agus Nóra
- ainm áite, Tír Eoghain, Béal Feirste
- laethanta na seachtaine, Dé Luain
- laethanta speisialta, Lá Fhéile Pádraig
- míonna na bliana, Eanáir, Feabhra

Lánstad

- ag deireadh abairte

Camóg

- liosta
- fóchlásal
- le comharthaí cainte

Uaschamóg

- aimsir chaite

Comharthaí Cainte

- nuair atá duine ag caint

Comhartha Ceiste

- nuair atá caint ann

Comhartha Uaillbhreasa


- nuair atá béim ar abairt

| | |
|--|--|
| Ceannlitir ag tús abairte | Cuireann tú ceannlitir ag tús abairte. |
| Ceannlitir d'ainm duine nó áite | Cuireann Liam ceannlitir ag tús ainm s'aige féin. |
| Lánstad ag deireadh abairte. | Cuireann Liam lánstad ag deireadh na habairte. |
| Camóg ag stad in abairt. | Cuireann Liam camóg in abairt fhada, nó cuireann Nóra camóg i stad san abairt. |
| Comharthaí cainte do dhuine atá ag caint. | “Chuir mé comharthaí cainte san abairt,” arsa Liam. |
| Comhartha ceiste do cheist | “Ar chuir mé an comhartha ceiste san áit cheart san abairt seo?” a d'fhiafraigh Nóra. |
| Comhartha uaillbhreasa má tá béim ar rud éigin | “Déan cinnte go gcuireann tú an comhartha uaillbhreasa san áit cheart!” a scairt Liam. |
| Líne nua do chainteoir nua. | “Téann tú chuig líne nua nuair atá duine nua ag caint,” arsa Liam. “Tá a fhios agam,” arsa Nóra. |
| Líne chéanna agus camóg don chainteoir chéanna. | “Nuair atá an duine céanna ag caint,” arsa Liam, “ní théann tú chuig líne nua agus cuireann tú camóg roimh an dara cuid den rud a dúradh.” |

Obair Bhaile 1

Scríobh na habairtí seo amach arís agus cuir isteach an phoncaíocht cheart, le ceannlitreacha san áireamh. Déan an obair i do leabhar obair bhaile.


1. rachaidh muid chuig an trá amárach do phicnic arsa mamaí
2. ní thig liom fanacht go dtí an nollaig arsa nóra
3. thug an múinteoir barraíocht obair bhaile dúinn arís arsa liam
4. beidh mo bhreithlá ann i mí lúnasa arsa pilib
5. cheannaigh mé na milseáin sa siopa sin arsa síle lena cara
6. beidh cluiche peile againn ag am sosa arsa na gasúir
7. tá tír eoghain i bhfad níos fearr na ard mhacha arsa éamonn
8. beidh sceallóga iasc pónairí agus arán againn don lón arsa mamaí
9. rachaidh muid go béal feirste le siopadóireacht na nollag a dhéanamh dé Sathairn arsa daidí
10. téann an rang go dtí an linn snámha gach máirt arsa an múinteoir
11. bhí an madadh ag troid leis an chat arís arsa bríd le gráinne
12. is breá liom mí an mhárta mar tá mo bhreithlá ann agus tá lá fhéile Pádraig ann fosta arsa mícheál



Obair Bhaile 2

Scríobh na habairtí seo amach arís agus cuir isteach an phoncaíocht cheart, le ceannlitreacha san áireamh. Déan an obair i do leabhar obair bhaile.


1. cá bhfuil tú ag dul arsa mamaí
2. gabh amach anois a scairt daidí
3. an mbeidh tú ag dul chuig an chluiche amárach arsa tomás le seán
4. níl a fhios agam arsa seán
5. stopaigí den amaidí a scairt an múinteoir
6. an síleann tú go mbeidh obair bhaile againn anocht arsa síle le nóra
7. is fuath liom obair bhaile arsa síle go crosta
8. an bhfuil cead agam dul chuig an leithreas le do thoil a mhúinteoir arsa stiofán
9. an mbeidh tú ag dul go béal feirste dé sathairn arsa caoimhín lena mhamáí
10. cén lá ar a dtiteann lá na nollag i mbliana arsa siobhán
11. ná bí ag caint trufalais arsa mamaí go feargach
12. an dtiteann lá fhéile bríd agus lá fhéile vailintín i mí feabhra arsa máire



Obair Bhaile 3

Scríobh na habairtí seo amach arís agus cuir isteach an phoncaíocht cheart, le ceannlitreacha san áireamh. Déan an obair i do leabhar obair bhaile.


1. cad é an t-ainm atá ort arsa síle
2. imigh leat arsa daidí
3. gabh isteach go gasta arsa mamaí le bríd
4. cá bhfuil tú ag dul ina dhiaidh seo arsa mícheál le tomás
5. cad chuige a bhfuil tú a dhéanamh sin arsa an múinteoir le ciarán
6. níl a fhios agam arsa an cailín go crosta
7. cá huair a bheidh an chóisir ag tosú arsa breandán le conchúr
8. gabh ar aghaidh arsa an gasúr go feargach
9. bí cúramach a scairt mamaí le seán a bhí ag amaidí le siosúr
10. cé atá ag an doras arsa an mhuc bheag
11. coimhead an madadh sin ar do chúl arsa daidí le fear an phoist
12. caithfidh tú d'obair bhaile a dhéanamh arsa an múinteoir leis an ghasúr dalba go crosta



Obair Bhaile 4

Scríobh na habairtí seo amach arís agus cuir isteach an phoncaíocht cheart, le ceannlitreacha san áireamh. Déan an obair i do leabhar obair bhaile.


1. ba mhaith liom dul ag campáil i mbliana arsa ciarán bheadh sin ar dóigh
2. thig inn dul ag campáil arsa mamaí má tá tú i do ghasúr maith
3. thig linn dul ag raftáil arsa ciarán mar is breá liom an uisce
4. rachaidh muid ag raftáil arsa mamaí ach caithfidh muid bheith cúramach
5. tá siúl agam nach mbeidh sé ag cur fearthainne amárach arsa ciarán mar beidh muid ag dul ar siúlóid ar an trá
6. beidh lá deas ann amárach arsa daidí dúirt sé ar an teilifís go mbeadh
7. beidh muid ag dul chuig an phictiúrlann anocht arsa ciarán ba mhaith liom batman a fheiceáil
8. ní rachaidh muid anocht arsa daidí ach rachaidh muid tráthnóna amárach
9. ba chóir dúinn stopadh in óstán arsa ciarán mar níor stop an fhearthainn le cúpla lá anuas
10. tá óstáin ró-dhaor arsa daidí agus stopfaidh an fhearthainn roimh i bhfad cibé ar bith



Obair Bhaile 5

Scríobh na habairtí seo amach arís agus cuir isteach an phoncaíocht cheart, le ceannlitreacha san áireamh. Déan an obair i do leabhar obair bhaile.


1. beidh seán liam pól stiofán agus pilib ag teacht chuig an chóisir
2. tá sé iontach fuar lasfaidh mé tine
3. ní maith liom tornapa cabáiste meacain dhearga nó prátaí
4. déanfaidh mé an béarla ar dtús an mhata ina dhiaidh sin an ghaeilge agus an litriú ag an deireadh
5. beidh mo chóisir ann amárach beidh sé ar dóigh
6. níl sé ag cur fearthainne a thuilleadh thig linn dul amach anois
7. is iad na rudaí is maith liom ar scoil ná ealaín corpoideachas ceol agus gaeilge
8. scóráil mé cúl sa chluiche ceann den scoth a bhí ann
9. chonaic muid na leoin na tíogair na moncaithe na heilifintí na sioráif agus cuid mhór ainmhithe eile sa zú
10. chaill mé an diosca don ríomhaire níl a fhios agam faoin spéir cén áit a bhfuil sé



Obair Bhaile 6

Scríobh na habairtí seo amach arís agus cuir isteach an phoncaíocht cheart, le ceannlitreacha san áireamh. Déan an obair i do leabhar obair bhaile.

1. beidh picnic againn ag an deireadh seachtaine
2. rachaidh muid go tír chonaill sligeach agus gaillimh ar ár laethanta saoire
3. nuair a scríobhaim le tamall fada éiríonn mo lámh nimhneach
4. an mbeidh muid ag bualadh le ciarán inniu arsa gearóid
5. níl cead agat páistí eile a bhualadh a scairt an múinteoir go feargach
6. thug sé cic don liathróid agus scóráil sé cúilín a bhí ann
7. thug tú é dom arsa ciarán níl tú á fháil ar ais
8. sin an capall a bhain an rás



Obair Bhaile 7

An Phortaingéil

Cé go bhfuil an Phortaingéil inniu ar cheann de na tíortha is boichte san Eoraip, ba léi leath den domhan tráth.

Sléibhte na Spáinne atá mar theorainn thuaidh agus thoir-thuaidh ar an Phortaingéil. Ar an taobh thiar agus ar an taobh theas atá an t-Aigéan Atlantach. An Douro sa tuaisceart agus an Tagáis sa deisceart na príomh-aibhneacha.

Cé nach bhfuil an Phortaingéil mórán níos mó ná Éirinn, tá aeráid an-difriúil i dtuaisceart agus i ndeisceart na tíre. Bíonn an samhradh tirim te agus an geimhreadh cineálta sa deisceart. Tá an aeráid sa tuaisceart i bhfad níos déine.



Cathracha:

- Liospóin: An phríomhchathair, agus suíomh álainn aici ar raon cnoc ag béal na Tagáise. Tá cuan breá nádúrtha agus baile póirt an-ghnóthach aici. Chaith Liospóin tamaill dhifriúla dá stair i láimh na nGréagach, na Rómhánach agus na nArabach.
- Porto: Suite ar bhruach theas an Douro. Tá roinnt tionsclaíochta chathair, ach tá an baile póirt an-bheag. Fíon ar a thugtar port is mó a thagann ó cheantar Porto.

Torthaí:

- Fásann caora fíniúna in amhantraigh an Douro, agus tá cáil le fad ar fhíon na Portaingéile. Fásann oráistí, líomóidí agus ológa i ndeisceart na tíre.

Mianraí:

- Mianra trom a úsáidtear i ndéantús cruach de chineál áirithe agus i ndéantús filiméad leictreach is ea tungstan. Tá na mianaigh tungstan is mó san Eoraip le fáil sa Phortaingéil. Tá mianaigh iarainn, copair, sulfair agus stáin sa Phortaingéil fosta.

Iascaireacht:

- Tá baint ag breis is 100,000 de dhaonra na Portaingéile leis an iascaireacht.

1. An bhfuil an Phortaingéil saibhir nó bocht sa lá atá inniu ann?
2. Ainmnigh an tír atá taobh leis an Phortaingéil.
3. Ainmnigh dhá chathair atá sa Phortaingéil.
4. Cad é príomhchathair na Portaingéile?
5. Ainmnigh trí thoradh a fhásann sa Phortaingéil.
6. Cá mhéad duine a bhfuil baint acu leis an iascaireacht sa Phortaingéil.
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Fásann a lán tabharfaidh sa Phortaingéil.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Is é liospóin príomhchathair na Portaingéile.

Obair Bhaile 8

An Filiméala


Bhí pálás breá ag Impire na Seapáine. Tháinig a lán cuairteoirí chuige. Shíl siad go léir nach raibh rud ar bith níos áille ná guth an fhiliméala ag teacht ón choill.

D'ordaigh an t-Impire go dtabharfaí an t-éan chuige láithreach. Chuaigh na saighdiúirí amach agus thug siad an filiméala ar ais leo. Chan an t-éan don impire, lá agus oíche. Chan sí chomh binn sin gur tháinig deora áthais leis an Impire. Ba mhaith leis an Impire buíochas a chur in iúl don éan ach dúirt an t-éan go mba leor deora!

Lá amháin, tháinig beart go dtí an pálás agus FILIMÉALA scríofa air. Istigh ann bhí filiméala meicniúil. Bhí an filiméala chomh binn leis an éan fíor – ach ní raibh aige ach an t-aon amhrán amháin. Bhí an t-Impire chomh sásta sin leis an éan bréagach nár thug sé faoi deara nuair a d'eitil an fíor-éan amach as an phálas.

Lá amháin, stop an t-éan bréagach dá chanadh. Tháinig comhairleoirí an Impire. Dúirt siad nach ceart don éan bréagach ach amhrán amháin a chanadh in aghaidh na bliana nó thitfeadh sí as a chéile!

Ach cá raibh an filiméala ceart? D'imigh cúig bliana. D'éirigh an t-Impire tinn. Thug sé an leaba air féin. Bhí eagla ar gach duine go gcaillfí é. Shíl gach duine go raibh a phort seinnte aige ach, maidin amháin, tháinig an filiméala ar ais. Chan sí dó agus tháinig biseach ar an Impire. Mhair siad beirt go sona ceolmhar le chéile as sin amach.



1. Cá raibh an t-Impire ina chónaí?
2. An raibh dúil ag an Impire i gceol an éin?
3. Cad é a fuair an Impire mar bhronntanas?
4. Cad chuige ar bhris an filiméala meicniúil?
5. Cén dóigh ar chuidigh an t-éan beag leis an Impire sa deireadh?
6. Cén sórt focail é *binn*?

ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Cá ró an filiméala ceart?


8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Bhí pálás breá ag impire na Seapáine.

Obair Bhaile 9

Éire Fadó – Na Normannaigh

Tháinig an chéad chuid de na Normannaigh i dtír i gCuan an Bhainbh, i gCo. Loch Garman, sa bhliain 1169. Bhí thart fá 600 ridire sa ghrúpa, agus tháinig siad trasna ón Bhreatain Bheag i mbáid oscailte. Thug siad a gcuid capall agus a gcuid uirlisí féin leo. Cé go raibh cuireadh faighte acu ó Dhiarmaid Mac Murchú, ní raibh fonn orthu seans ar bith a ghlacadh. Thóg siad balla dúbailte mar chosaint ar an champa agus shocraigh siad síos don oíche.



An lá dar gcionn, thug siad faoi Loch Garman ach, sular shroich siad an baile sin, bhuail siad le fórsa Gael agus Lochlannach a bhí ag teacht ina gcoinne. Ach theith an fórsa seo nuair a chonaic siad capaill agus cathéide na Normannach. Fórsa cogaidh an-éifeachtach a bhí sna Normannaigh, agus ní raibh airm na nGael ábalta iad a chloí.

Ní raibh mórán Normannach in Éirinn ag an am seo, áfach, agus níor éirigh leo aon dul chun cinn a dhéanamh go dtí gur tháinig Réamonn Le Gros agus Strongbó i dtír agus 2000 fear in éineacht leo. Ghabh siad Port Láirge agus ansin Baile Átha Cliath. Rinne siad iarracht limistéir mhóra den tír a chur faoi chois.

Thóg siad caisleáin chun greim a choinneáil ar an talamh a bhí gafa acu. Bhí an déanamh céanna ar na caisleáin seo agus a bhí ar na cinn a thóg lucht leanúna Liam Concaire i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. Thógadh siad tulach ard cré agus sonnach adhmaid timpeall air. Bhíodh túr faire agus seastán boghdóirí ar bharr an tulaigh. An bhábhún a thugtar ar an chuid íseal den dún. Anseo a bhíodh tithe na ndaoine agus cróite na n-ainmhithe.

Le himeacht aimsire, tosaíodh ar chaisleáin chloiche a thógáil in áit a gcaisleán adhmaid. Tá dhá shampla mhaithe de na caisleáin seo le feiceáil i mBaile Átha Truim agus i gCarraig Fhearghais.

1. Cá huair a tháinig an chéad chuid de na Normannaigh i dtír?
2. Cé a thug cuireadh dóibh teacht go hÉirinn?
3. Cá mhéad ridire a bhí ann sa chéad ghrúpa Normannach a tháinig go hÉirinn?
4. Cad chuige nach raibh na Gaeil agus Lochlannaigh sásta troid a dhéanamh leis na Normannaigh?
5. Ainmnigh beirt Normannach.
6. Cá háit ar féidir caisleáin na Normannach a fheiceáil?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Thóg siad ballla dúbailte thart ar an champa.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Tháinig Réamonn Le Gros agus strongbó i dtír agus 2000 fear in éineacht leo.

Forainmneacha Réamhfhoclacha

| mé | tú | é | í | muid | sibh | iad |
|-----------|-----------|----------|----------|-------------|-------------|------------|
| agam | agat | aige | aici | againn | agaibh | acu |
| asam | asat | as | aisti | asainn | asaibh | astu |
| chugam | chugat | chuige | chuici | chugainn | chugaibh | chucu |
| díom | díot | de | di | dínn | díbh | díobh |
| dom | duit | dó | di | dúinn | daoibh | dóibh |
| fúm | fút | faoi | fúithi | fúinn | fúibh | fúthu |
| ionam | ionat | ann | inti | ionainn | ionaibh | iontu |
| liom | leat | leis | léi | linn | libh | leo |
| orm | ort | air | orainn | oraibh | oraibh | orthu |
| romham | romhat | roimhe | roimpi | romhainn | romhaibh | rompu |
| tharam | tharat | thairis | thairsti | tharainn | tharaibh | tharstu |
| tríom | tríot | tríd | tríthi | trínn | tríbh | tríothu |
| uaim | uait | uaidh | uaithi | uainn | uaibh | uathu |
| | | | | eadrainn | eadraibh | earththu |

Obair Bhaile 10

Líon na bearnaí leis an fhorainm réamhfhoclach ceart. Scríobh na habairtí i do leabhar obair bhaile.

1. “An bhfuil mo pheann luaidhe _____?” arsa Colm le Ciarán.
2. Ba mhaith _____ cóisir ar mo bhreithlá.
3. Thit mé den chathaoir agus anois tá náire _____ .
4. “Dia _____,” arsa na cailíní leis an ghasúr.
5. “Rinne mé obair néata _____, a mhúinteoir,” arsa Seán.
6. Ní féidir _____ an obair a dhéanamh.
7. Cheannaigh mé mála greamaitheoirí peile agus tá 20 greamaitheoir ar fad _____ anois.
8. ““B’fhearr _____ cluiche cártaí a imirt,” arsa Siobhán.
9. “An bhfuil an ceacht sin críochnaithe _____ go fóill?” arsa an múinteoir leis na páistí.
10. Ní maith le Caoimhe mata ach is maith _____ Gaeilge.

agam liom

dom orm

Obair Bhaile 11

Nósanna




Bhuail seansionnach glic
Le coinín beag óg
“Éist,” arsa an sionnach.
“Mínigh dom nós.”

“Shiúil mise tráth.”
arsa an coinín beag óg.
“Ach preabaim anois.
Tá sé agam de nós”

“Mar sin,” arsa an sionnach.
“Tá nós agam leis.
Beirim ar choinín
Má fhaighim an deis!”

“Tá dhá shórt nós ann.”
Gháir an seansionnach slim.
“Dea-nós de shionnach
Droch-nós do choinín!”



1. Cad é an nós atá ag an choinín?
2. Cad é an nós atá ag an sionnach?
3. Cá mhéad sórt nós atá ann, dar leis an sionnach?
4. An bhfuil an coinín aosta?
5. Cad é a rinne an sionnach leis an choinín, dar leat?
6. Cén sórt focail é *éist*?

ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Bhual sionnach glic le coinín óg.

8. Tá meancóg foncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg foncaíochta.

“Mar sin” arsa an sionnach.

Obair Bhaile 12

Seodra Do Cholambas

Ach amháin gur dhúirt Bannrion in Aibreán 1492 go ndíolfadh sí a seodra, ní bheadh Colambas ábalta taisteal go Meiriceá den chéad uair. Rinne daoine gáire air nuair a dúirt sé go seolfadh sé an tAtlantach siar agus talamh úr a aimsiú. Ní raibh de dhíth air ach an long agus an slua le dul ann.

Chaith Colambas seacht mbliana ag iarraidh uaisle na Spáinne a spreagadh chun suim a chur sa turas s'aige. Bhí díomá ceart air sa deireadh agus shocraigh sé ar an Spáinn a fhágáil. Ar an lá deireanach dó sa tír, chaith sé an oíche i Mainistir La Rabida, cóngarach do chalafort Palos san Andalúisí. Le linn dó a shuipéar a ithe, d'inis sé a chuid pleananna do mhanach. Dúirt an manach sin go raibh sé féin ina anamchara ag Isabella, bean an Rí Fernando.

Thug an manach litir do Cholambas le tabhairt don Bhanrion. An mhaidin dár gcionn, thug Colambas aghaidh ar Chúirt na Spáinne.

Bhí suim ag Isabella sa turas. Mheas an Rí, áfach, nach raibh longa ná airgead ar fáil mar go raibh cogadh ar siúl. Dúirt an Bhanrion ansin go ndíolfadh sí a seodra féin chun an t-aistear a mhaoiniú mura mbeadh an ciste ríoga ar fáil do Cholambas.

Bhí Fernando chomh tógtha sin le cinneadh na Bannriona gur athraigh sé a mheabhair. Glacadh an chéad chéim chun domhan nua a oscailt amach do na hEorpaigh.



1. Cé hé an chéad duine a chuaigh go Meiriceá ón Eoraip?
2. Cá fhad a chaith Colambas ag iarraidh airgead a fháil dá thuras?
3. Cén tír a raibh Colambas ina chónaí ann?
4. Cad é a thug an manach do Cholambas?
5. Cad é a bhí an Bhanrion ag dul a dhéanamh chun airgead a fháil do Cholambas?
6. Cén sórt focail é *seodra*?

ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Chaith sé an ithe i Mainistir La Rabida.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Dinis sé a phleananna don mhanach.

Séimhiú 1

| mé | tú | é | í |
|---------------|---------------|--------------|-------------|
| | | | |
| i mo shuí | i do shuí | ina shuí | ina suí |
| i mo sheasamh | i do sheasamh | ina sheasamh | ina seasamh |
| i mo chodladh | i do chodladh | ina chodladh | ina codladh |
| i mo chónaí | i do chónaí | ina chónaí | ina cónaí |
| mo chóta | do chóta | a chóta | a cóta |
| mo ghairdín | do ghairdín | a ghairdín | a gairdín |
| mo leabhar | do leabhar | a leabhar | a leabhar |
| mo mhála | do mhála | a mhála | a mála |
| mo stoca | do stoca | a stoca | a stoca |
| mo theach | do theach | a theach | a teach |

Obair Bhaile 13

Cuir isteach an séimhiú sna háiteanna cearta sna habairtí seo thíos. Scríobh iad amach i do leabhar obair bhaile.

1. Tá mé i mo seasamh.
2. Tá Liam ina shuí.
3. An bhfuil sé ina codladh go fóill?
4. Cá bhfuil tú i do cónaí?
5. Chuir Nóra a cóta uirthi.
6. Tá daideo ag obair ina gairdín.
7. D'fhág an múinteoir a leabhair ar ais sa leabharlann.
8. Cá bhfuil mó mála scoile?
9. Cuir ort do stocaí.
10. Chuaigh an ghirseach ar ais chuig a teach.

séimhiú

h speisialta

Séimhiú 2

An Tuiseal Tabharthach

| | |
|----------------------------|-------------------------|
| ag an g heata | ar an ch athaoir |
| as an mh ála | chuig an ph áirc |
| den gh asúr | don ch ailín |
| faoin ch ófra | tríd an ch oill |
| leis an ch at | ón fh eirm |
| roimh an Ch éadaoin | sa bh osca |
| thar an bh alla | |

Ní féidir séimhiú a chur isteach i bhfocail a thosaíonn le guta, l, n, r nó sc, nó i ndiaidh an fhocail na (ach amháin an focal ‘chéad’).

Obair Bhaile 14

Cuir isteach an séimhiú sna háiteanna cearta sna habairtí seo thíos. Scríobh iad amach i do leabhar obair bhaile.

1. Tá an captaen ag seoladh ar an bád.
2. Chuir mé an bruscar sa bosca.
3. Tháinig spideog bheag isteach sa gairdín.
4. Fuair an gasúr spúnóg mhór leis an milseog s'aige.
5. Chuir mamaí cáis agus liamhás isteach sa ceapaire.
6. Bhí milseog bhlasta ag an chailín ach thit cuid den uachtar reoite ar an gúna s'aici.
7. Scríobh mé na freagraí i mo leabhar.
8. Tá mé i mo shuí ar an cathaoir.
9. Chonaic mé trí ubh sa nead.
10. Tá na gasúir ag imirt peile sa clós.

séimhiú

h speisialta

Obair Bhaile 15

Ó Bholb go Féileacán

Thar feithidí uile an domhain, is breá le daoine an féileacán. Is minic a bhíonn féileacáin mór agus álainn agus ní deacair na sciatháin ghealdhathacha a fheiceáil. Maireann sé ar neachtar, mar sin faightear go minic i ngairdíní é.



Bíonn ceithre sciathán air ach iad fillte thar a chéile sa dóigh is go sílfeá nach raibh aige ach péire amháin. Bíonn dusta mín ar na sciatháin. Is é atá sa dusta seo na lanna le cruthanna difriúla orthu, ag brath ar an áit a mbíonn siad ar na sciatháin.

Bheadh na sciatháin trédhearcach gan na lanna sin. Tugann na lanna sin dathanna gleoite do sciatháin na bhféileacán. Ní bhíonn na dathanna thíos faoi chomh geal céanna agus cuidíonn siad le duaithníocht nuair a bhíonn na sciatháin druidte aige.

Tosaíonn saol an fhéileacáin in ubh. Bíonn an ubh ar phlanda inite agus cruth casta uirthi, ainneoin í a bheith beag bídeach.

Ach níl an rud a thagann amach as an ubh mar an gcéanna go díreach leis an tuismitheoir. Bolb a bhíonn ann. An chéad bhéile a bhíonn aige ná an blaosc as ar tháinig sé. Tosaíonn sé ag ithe an phlanda ansin. Itheann sé cuid mhór agus is gearr go mbíonn sé rómhór dá chraiceann agus, mar sin de, titeann an craiceann de. Tarlaíonn sé sin cúpla uair agus é ag éirí níos mó, agus tagann athrú ar a chruth chomh maith.

Níl an bolb ábalta mórán a dhéanamh dó féin. Tá sé bog, gearr-radharcach, malltriallach agus is iomaí naimhde a bhíonn aige. Éiríonn le cuid acu éalú ón chontúirt le cuidiú na duaithníochta, cuid eile agus clúmh orthu. Ach ní mhaireann ach beagán díobh.

Fíonn bolb lánfhásta cocún síoda dó féin agus iompaíonn ina chrisilid. I ndiaidh dó a shaol ar fad a chaitheamh ag ithe, iompaíonn an bolb ina chrisilid, an tríú céim ina shaolré. I ndiaidh tamaill, briseann féileacán geal, galánta amach as chocún, an chéim fhásta.

Úsáideann an fheithid a hadharcáin fhada ar bharr a cinn chun rudaí a bholú agus tá sí ábalta blaiseadh lena béal. Nádúrtha go leor, a déarfá, ach cuimhnigh go bhfuil féileacáin áirithe ábalta blaiseadh lena gcosa. Má theagmhaíonn na cosa le rud éigin milis – bíodh is nach bhfuil a fhios aige cad é tá ann – tosóidh an féileacán ar ghluaiseachtaí itheacháin a dhéanamh.

Bliain amháin a mhaireann an chuid is mó de na féileacáin. Geimhríonn siad sa gheimhreadh in áiteanna nach maróidh an sioc iad. Geimhríonn cuid acu agus iad óg, cuid eile agus iad lánfhásta. Faightear an t-Aimiréal Dearg ina chodladh sa teach i gcaitheamh an gheimhridh.

Is mór an trua nach bhfuil an oiread céanna féileacán ann is a bhíodh. Cúis amháin atá leis sin ná gur maraíodh an fhiaile. Déanann feithidicíd an-dochar d'fhéileacáin chomh maith.

Tá súile móra ar thaobh chloigeann an fhéileacáin. Tá sé ábalta dathanna a fheiceáil. Meallann na dathanna atá ar a sciatháin féin é. Meallann rudaí milse é. Maireann sé ar neachtar na mbláthanna.

Beathaíonn an féileacán é féin trí neachtar a shú lena theanga agus í cuachta suas faoina chloigeann. Is féidir leis í a bhrú amach, roinnt ceintiméadar i gcásanna áirithe.

Agus neachtar á ghlacadh acu, aistríonn féileacáin pailín ó bhláth go bláth, uaireanta: tá siad cosúil leis an bheach sa dóigh sin, ina ngníomhairí pailnithe. Ní dhéanann an féileacán fuaim dá laghad, is dócha gur bodhar atá sé fosta. Níl cluasa ar bith air.




1. Cad é a itheann an féileacán?
2. Cá mhéad sciathán ar fad atá ag féileacán?
3. Ní mar fhéileacán a thosaíonn an féileacán a shaol. Cad é a thagann amach as uibheacha an fhéileacán?
4. Cá háit a dtosaíonn saol an fhéileacán?
5. Cá fhad a mhaireann an chuid is mó de na féileacán?
6. Cad é a dhéanann an bolb lánfhásta sula n-iompaíonn sé ina fhéileacán?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Is blob é an féileacán ar dtús.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Is feithid álainn í an féileacán



Urú

Téann **m** roimh **b**.

ár **mb**ábóg, bhur **mb**ia, a **mb**éil

Téann **g** roimh **c**.

ár **gc**arr, bhur **gc**airde, a **gc**aipíní

Téann **n** roimh **d**.

ár **nd**aidí, bhur **nd**innéar, a **nd**ochtúir

Téann **bh** roimh **f**.

ár **bh**feadóga, bhur **bh**fidil, a **bh**frog

Téann **n** roimh **g**.

ár **ng**eansaithe, bhur **ng**iotár, a **ng**únaí

Téann **b** roimh **p**.

ár **bp**éint, bhur **bp**inn, a **bp**eataí

Téann **d** roimh **t**.

ár **dt**eilifís, bhur **dt**óirse, a **dt**raein

Téann **n-** roimh **gutaí**.

ár **n-**arán, bhur **n-**eitleán, a **n-**ispíní, ár **n-**oileán, bhur **n-**ulchabhán

Ní athraíonn focail a thosaíonn le litir ar bith eile.

Obair Bhaile 16

Cuir isteach an séimhiú sna háiteanna cearta sna habairtí seo thíos. Scríobh iad amach i do leabhar obair bhaile.

1. Chuaigh muid amach ag seoladh ar ár **bád**.
2. Chuaigh na páistí amach ag marcaíocht ar a **capall**.
3. Tá uimhir 32 ar ár **doras**.
4. Ar chuir sibh bhur **fáinní** oraibh a chailíní?
5. Déanaigí súgradh in bhur **gairdín** féin.
6. “Seo ár **páirc** peile,” arsa na gasúir.
7. Chuaigh siad uilig ar ais chuig a **teach**.
8. Íosfaidh muid ár **arán** leis an anraith.
9. Déanaigí deifir nó caillfidh sibh bhur **eitleán**.
10. Ní raibh na páistí sásta a **ispíní** a ithe.

mb

gc

nd

bhf

ng

bp

dt

n-

Céimeanna Comparáide

| Bunchéim | Breischéim | Sárchéim |
|-----------------|-------------------|-----------------|
| maith | níos fearr | is fearr |
| olc | níos measa | is measa |
| furasta | níos fusa | is fusa |
| deas | níos deise | is deise |
| álainn | níos áille | is áille |
| ard | níos airde | is airde |
| beag | níos lú | is lú |
| deacair | níos deacra | is deacra |
| fadálach | níos fadálaí | is fadálaí |
| fliuch | níos fliche | is fliche |
| gasta | níos gasta | is gasta |
| íseal | níos ísle | is ísle |
| trom | níos troime | is troime |
| luath | níos luaithe | is luaithe |
| mall | níos moille | is moille |
| mór | níos mó | is mó |
| te | níos teo | is teo |

Obair Bhaile 17

Cuir isteach an chéim cheart den aidiacht sna habairtí seo thíos.
Scríobh na habairtí amach i do leabhar obair bhaile.

1. Tá Liam ard ach tá Nóra níos _____.
2. Tá an eilifint trom ach tá an míol mór níos _____.
3. Bíonn Mícheál luath ach bíonn Orlaith níos _____.
4. Tá Síle deas ach tá Bríd níos _____.
5. Bhí Pádraig mall ach bhí Séamas níos _____.
6. Tá an scamall bán ach tá sneachta níos _____.
7. Bíonn na gasúir ciúin ach bíonn na cailíní níos _____.
8. Tá olann bog ach tá cleite níos _____.
9. Tá bréagáin daor ach tá cluichí ríomhaire níos _____.
10. Bhí mé tinn inné ach bhí mo chara níos _____.

níos

Obair Bhaile 18

Fia Reatha

Is Meiriceánach Dúchasach mé agus tugann mo mhuintir féin “Fia Reatha” orm. Indiaigh Rua a tugadh orainn i dtús báire mar chreid Colombas go raibh na hIndiaigh Thiar sroichte aige nuair a tháinig sé ar Mheiriceá.

Bhí muid inár gcónaí i Meiriceá sular tháinig an fear geal anseo. Bhí a lán treibheanna difriúla ann – Apache, Cherokee agus na Sioux. Bhíodh éadaí difriúla orainn ar fad agus rinne muid cónaí i dtithe difriúla. Pubaill, ar a dtugtar wigwam nó típí, is mó a bhíodh againn mar bhíodh cuid mhór de na treibheanna ag seilg buabhaill ar na féarthailte. Bhí cuid eile againne ann, áfach, agus feirmeoirí a bhí iontu a shocraigh in áit faoi léith.

Níl mórán Meiriceánach Dúchasach fágtha anois agus tá an chuid is mó againn inár gcónaí i mbailte a tugadh dúinn nuair a sciobadh an talamh s’againne. Gnáthéadaí Mheiriceá a bhíonn orainn anois ach cuirimid cultacha na treibhe orainn ar ócáidí speisialta.

Sa seanam, bhíodh a gcuailí tótáim ag gach treibh agus deirtear gur choinnigh seo drochsprideanna ar shiúl ó gach ball den treibh.



1. Cad is ainm don duine a scríobh an sliocht seo?
2. Cad chuige ar tugadh Indiaigh Rua ar na daoine seo?
3. Ainmnigh trí threibh de Mheiriceánaigh Dhúchasacha.
4. An ndearna gach treibh seilg sa seanam?
5. Cá huair a chuireann na Meiriceánaigh Dhúchasacha a gcultacha treibhe orthu?
6. Cad é a thugtar ar phuball na Meiriceánach Dúchasach?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Sciob an fear geal talú na Meiriceánach Dúchasach.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

fia Reatha an t-ainm atá orm.

Obair Bhaile 19

Cathal Dearmadach

Ba bhreá le Cathal Crogall a bheith ina luí sa láib. Bhíodh sé ina chodladh an chuid is mó den am agus bhí sé an dearmadach. B'aige a bhí an cuimhne is measa san fhóraois ar fad.

Dhúisigh Micí Moncaí é lá amháin agus thug sé banana dó. “Feicfidh mé tú sa tráthnóna,” arsa Micí.

“Ní maith liomsa bananaí,” arsa Cathal leis féin “Cén fáth a bhfeicfeadh sé mé sa tráthnóna?” Thit sé ina chodladh arís.

Tamaillín ina dhiaidh sin dhúisigh Freda Frog é. “Thug mé é seo chugat,” arsa Freda. “Feicfidh mé ar ball thú!” Bláth a thug sí dó. Dhruid Cathal súil amháin agus d’amharc sé ar an bhláth.

“Tá sí an-chineálta ach ní maith liom bláthanna mórán. Cá bhfuair mé an banana sin?” agus thit sé ina chodladh arís.

Nuair a dhúisigh sé arís, Maitiú Madadh Uisce a bhí ina aice leis. Chaith sé iasc mór anall chuige agus dúirt: “Tá siúl agam go mbainfidh tú sult as sin.”

“Go raibh maith agat, a Mhaitiú,” arsa Cathal. “Is breá liom éisc ach cad chuige a bhfuil an banana agus an bláth seo agam?”

“A amadáin, ná habair liom nach cuimhin leat,” arsa Maitiú. “Feicfidh mé tráthnóna thú. Tá brón orm ach caithfidh mé rith anois.”

Ní raibh Cathal ábalta titim ina chodladh arís. Bhí inní air agus shíl sé go raibh rud éigin cearr. Ní raibh sé ábalta cuimhneamh ar rud éigin ar cheart dó. Tháinig deora móra leis. “Faraor nach féidir liom cuimhneamh air,” a ghol sé. “Faraor! Faraor!”

Chaoin sé agus chaoin sé go dtí go raibh an banana agus an bláth ag snámh sna deora aige. Ar ndóigh bhí an t-iasc ite aige. Ba ghearr go raibh sé ar snámh síos le sruth nuair a chonaic sé Freda, Micí agus Maitiú agus iad ag scairt air ón bhruach. Is ansin a chuimhnigh sé air.

“Is é mo lá breithe é” a bhéic sé. “Anois a chuimhním air.” Bhí cóisir réidh ag a chairde dó agus bhí tráthnóna maith acu. Bhí siad uilig ag gáire ar Chathal as siocair go ndearna sé dearmad ar a chóisir féin

1. Cad é a thug an moncaí do Chathal?
2. Cad é a thug an frog do Chathal?
3. Cad é a thug am madadh uisce do Chathal?
4. Cad chuige a raibh brón ar Chathal?
5. Cé acu de na bronntanais a fuair sé a d’ith sé?
6. Cad é a bhí speisialta faoin lá?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Thug Micí Moncaí bananana dó.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Bhí lá breithe chathail ann.

Focail ar Chomhfhuaim / Hómafóin

raibh agus ró

dubh agus dom

thig, chuig agus thuig

fuair agus fuar

bheidh agus bheith

síuil agus súil

ithe agus oíche

éirí agus iarraidh

i ndiaidh agus inné

an agus ann

lán, lean agus lann

glan agus gleann

meall agus mall

coinneáil agus coinneal

coinín agus coiníonn

Obair Bhaile 20

Roghnaigh an litriú ceart de na focail atá i gcló trom sna habairtí seo thíos. Scríobh na habairtí amach i do leabhar obair bhaile.

1. Ní **raibh/ró** mé ar scoil inné.
2. Thug mo mhúinteoir barraíocht obair bhaile **dom/dubh**.
3. Chuaigh na páistí **thig/chuig/thuig** an pháirc inné.
4. Tá an sneachta ag titim agus tá sé iontach **fuair/fuair**.
5. **Chonaic/Tháinig** mé an cluiche ar an teilifís.
6. Ba mhaith liom **bheith/bheidh** i mo pheileadóir nuair atá mé mór.
7. Tá **siúil/súil** agam nach mbeidh sé ag cur ag am lóin.
8. Bhí mé ag **éirí/iarraidh** peannaireacht mhaith a dhéanamh.
9. Bhí an aimsir iontach **te/té** thar an samhradh.
10. Chuaigh na cailíní chuig cóisir **inné/i ndiaidh**.

h o m a f o n

An Fleiscín

an t-airgead

leis an airgead

an t-am

ag an am ceart

an t-ardán

ar an ardán

an t-eitleán

san eitleán

an t-iasc

ag an iasc

an t-óstán

san óstán


an t-údar

ag an údar

Obair Bhaile 21

Tá fleiscíní ar iarraidh sna habairtí seo thíos. Scríobh na habairtí amach arís agus cuir an fleiscín isteach san áit cheart i ngach abairt.

1. Chuir mé an tairgead i mo phóca.
2. Níl an tam agam le dul amach mar tá cuid mhór obair bhaile agam.
3. Bíonn an tardán iontach dorcha nuair nach bhfuil solas ag soilsiú air.
4. Fuair muid an teitleán deireanach san aerfort sular tháinig an sneachta.
5. Léim an tiasc a cheap mé amach as mo lámha agus ar ais isteach san abhainn.
6. Bhí an tóstán ar stop muid ann ar ár laethanta saoire iontach deas.
7. Is é Flann Ó Briain an túdar den leabhar sin.
8. Níor ith mé an túll nó an toráiste a bhí agam do mo shos.
9. Tá an turlár iontach sleamhain mar thit an tuisce air.
10. Tá an tim agus an tarán ar an tábla.



Obair Bhaile 22

Alasca

Tharla rud aisteach i stair Mheiriceá Thuaidh ar an 30^ú Márta 1867 nuair a cheannaigh sé limistéar mór fairsing ón Rúis, ar cheann de na Stáit Aontaithe anois é.

Ba é Alasca an limistéar sin agus, roimh 1867 ba leis an Rúis é.

Sa bhliain 1741, sheol an Captaen Vitus Bering, an Danmhargach a bhí ag obair do Chabhlach Impiriúil na Rúise, an caolas sin a ainmníodh ina dhiaidh, Caolas Bering, is é sin an fharraige idir an Alasca agus an Rúis. Chuir roinnt Eiscimeach fáilte roimhe agus dúirt siad gurb é Alasca ainm na háite, focal a chiallaíonn ‘an chríoch mhór’.



Bhí suim ag Bering sna héadaí fionnaidh a bhí á gcaitheamh ag na hEiscimigh agus sna hainmhithe fionnaidh as ar tháinig siad. Ní raibh mórán fionnaidh sa Rúis. Stóras mór fionnaidh a bhí anseo, ar seisean dó féin. Ardaíodh bratach na Rúise in ainm an Bhanimpire Eilís.

Bhí na Rúisigh ag súil chomh maith go mbeadh ór agus miotail luachmhara eile ann ach níor tháinig siad ar aon chuid de. Fionnadh amháin a bhí ann, de réir cosúlachta. Bhí na Rúisigh breá sásta é a dhíol le Henry Steward, Rúnaí Stáit Mheiriceá, dá bharr sin.

Mheas go leor Meiriceánach nach margadh ar bith é – 586,400 míle cearnach ar £1,450,000. Ach níorbh fhada go bhfuarthas an t-airgead sin ar ais faoi dheich, ón ór, ón adhmaid agus ón iascaireacht.

1. Cén tír ina bhfuil Alasca na laethanta seo?
2. Cad é an t-ainm atá ar an duine a d’aimsigh Alasca don Bhanimpire Eilís?
3. Cad chuige ar mhaith leis an Rúis an áit seo?
4. Ar tháinig na Rúisigh ar ór in Alasca?
5. Cá mhéad a bhí air nuair a cheannaigh na Meiriceánaigh í ar ais?
6. Cén sórt focail é *seodra*?

ainmfhocal aidiacht briathar réamhfhocal

7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Fuar na Meiriceánaigh an t-airgead s’acu ar ais.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Ba leis an rúis Alasca i dtosach báire.

Obair Bhaile 23


Bram Stoker - Athair Dracula

I mBaile Átha Cliath, i ndeireadh an chéid seo caite, bhíodh fear ag siúl na sráideanna go mall san oíche. Fear mór ard a bhí ann, clóca dorcha ar a ghuaillí agus hata leathan dubh ar a cheann. Shíl daoine gur gealt a bhí san fhear mór ard seo, nó dúnmharfóir nó gadaí, b'fhéidir, a raibh smaoineamh dorcha éigin ar a aigne aige.

Ach ní raibh an ceart ag aon duine acu. Abraham (Bram) Stoker ab ainm don fhear mór ard seo, agus údar a bhí ann. Bhí sé a smaoineamh ar leabhar nua a scríobh: Dracula.

Ach cad é a chuir scéal Dracula i gcloigeann Bram Stoker i dtosach? Bhí daoine á rá gur ith sé portán agus gur tháinig tromluí air. Ach ba é an rud a tharla ná gur tháinig fear ait chun dinnéir chuige oíche amháin sa bhliain 1890. An tOllamh Vanberry ab ainm dó. Ungárach a bhí ann. Bhí fiche teanga ar eolas ag Vanberry, agus bhí scéalta uafásacha aige faoi dhaoine nach bhfuair bás riamh ach a d'fhan beo ar fhuil dhaoine eile.

Níor mhair Bram chun an clú agus an cháil a bhain Dracula amach a fheiceáil; ach bhí an-tóir ar an dráma a rinneadh as níos déanaí. Bhí ar na pictiúrlanna banaltraí a chur ar fáil nuair a bhíodh Dracula á léiriú mar bhíodh an oiread sin daoine ag titim i laige i rith an dráma de bharr go raibh eagla orthu. Agus ó shin i leith, tá na milliúin daoine á scanrú ag Bram Stoker, an buachaill scáfar úd as Cluain Tarbh i mBaile Átha Cliath, nó ag an vaimpír bhradach a chruthaigh sé, Dracula.



1. Cárb as do Bram Stoker?
2. Cad chuige ar shíl daoine gur gealt a bhí ann?
3. Cén dóigh a bhfuair Bram Stoker an smaoineamh don leabhar Dracula?
4. Cárb as don Ollamh Vanberry?
5. Cá mhéad teanga a bhí ar eolas ag an Ollamh Vanberry?
6. Cad chuige ar chuir pictiúrlanna banaltraí ar fáil nuair a bhíodh Dracula á léiriú?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Is é Bram stoker a scríobh an leabhar Dracula.


8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Bhí scéalta aige faoi dhaoine a d'fhan beo ar fhuil dhaoine eile.

Obair Bhaile 24

Madadh Iontach

Madadh mór breá ba ea Spook, Alsáiseach a bhí ann. Ba le muintir Rowe é, a bhí ina gcónaí i Sacramento, California. Ach fuair fear an tí post nua in Alasca, agus bhí ar an teaghlach uilig imeacht as Sacramento agus aistriú go hAlasca. Ar bord loinge a chuaigh siad, agus ba sa gheimhreadh a rinne siad an turas.



Oíche amháin, nuair a bhí an long míle amháin amach ó chósta Alasca, thit Spook isteach san fharraige. Rith muintir Rowe chuig an chaptaen láithreach, ach ní raibh sé sásta an long a stopadh.

“Rud ar bith a thiteann isteach san fharraige san áit seo,” a dúirt sé, “gheobhaidh sé bás taobh istigh de chúpla bomaite, mar tá an t-uisce chomh fuar sin.”

Nuair a chuaigh muintir Rowe i dtír, bhí brón mór orthu i dtaobh a bpeata, ach níor chreid siad go raibh sé marbh. Chuir siad fógraí sna nuachtáin go léir, agus chuardaigh siad gach gabhann in Alaska. Ach níor tháinig siad ar Spook.

Bhí siad in Alasca le dhá mhí nuair a bhí ar Rowe cuairt a thabhairt ar a sheanteach i Sacramento – agus cé a bhí ann roimhe ach Spook. Bhí drochbhail ar an mhadadh bocht. Bhí a chosa ar fad gearrtha, agus ní raibh ann ach an craiceann agus na cnámha. “Fuair muid é cúpla lá ó shin in aice le do sheanteach,” arsa comharsa leis.

Bhí iontas an domhain ar Rowe nuair a chonaic sé Spook. “Sin turas uafásach fada ó Alasca go Sacramento,” a dúirt sé. “Tá níos mó ná 1000 míle de shlí ann!”

1. Cén fáth a raibh ar mhuintir Rowe dul go hAlasca?
2. Cá háit a bhfuil Sacramento?
3. Cén dóigh a ndeachaigh an teaghlach go hAlasca?
4. Cad é a tharla amach ó chósta Alaska?
5. Cén fáth ar shíl an captaen go raibh Spook marbh?
6. Cén dóigh a bhfuil a fhios againn nár chreid muintir Rowe go raibh Spook marbh?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Rí muintir Rowe chuig an chaptaen.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

“Sin turas fada ó Alasca go Sacramento,” a dúirt sé

